

Acmhainn Kirigami


Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin grafaice a craoladh ar 16ú Deireadh Fómhair 2019 ar féidir é a fheiceáil ar jct.ie laistigh de thíl na dtacaí FGL faoin táb do cheardlanna roghnacha.

Nasc Seimineár Gréasáin:

https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_graphics_elective_workshops



Dhírigh an Seimineár Gréasáin seo dar teideal **“Ag dul i ngleic le sonraíocht na Grafaice”** ar an gcaoi ar fhorbair múinteoir aonad foghlama le fócas ar chleachtas an tseomra ranga agus ar eispéireas na bhfoghlaimeoirí. Sa chéad chuid den seimineár gréasáin rinne foireann jct4 an t-aonad foghlama a phlé i dtús báire, ag fiosrú conas a roghnaigh an múinteoir na torthaí foghlama agus ansin ag leagan amach an phríomhfhoghlaim a sonraíodh ag an múinteoir. Sa dara cuid den seimineár gréasáin bhí an múinteoir a chruthaigh an t-aonad foghlama seo i gcuideachta na foirne agus chuir sé síos ar an eispéireas foghlama a bhí ag a chuid scoláirí sa seomra ranga.



Cad é atá le fáil sa PDF seo?

1. Aonad foghlama samplach
2. Bileoga oibre Kirigami

1. Aonad foghlama samplach

Faightear anseo an t-aonad foghlama samplach a d'fhorbair an múinteoir. Aibhsítear sa phlean na torthaí foghlama atá á ngníomhachtú trí na bileoga oibre. Aibhsítear le bosca dearg na rannáin laistigh den phlean do na torthaí foghlama, an phríomhfhoghlaim, an fhianaise ar fhoghlaim agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí agus tugann sin le fios cén áit a luíonn an acmhainn laistigh de chomhthéacs an aonaid.

2. Bileoga oibre Kirigami

Mar chuid den aonad foghlama, chruthaigh an múinteoir bileoga leis na torthaí foghlama a ghníomhachtú laistigh den aonad. Ceapadh na dáileáin sin le haghaidh rang-ghrúpa ar leith agus dearadh iad mar chuid de chomhthéacs a dturais fhoghlama. Moltar an acmhainn seo a chur in oiriúint do do rang-ghrúpa ar leith féin agus dá gcomhthéacs.

Buíochas mór leis na múinteoirí a bhí páirteach a chuir na hacmhainní seo ar fáil don bhfoireann Jct4.

Tabhair do d'aire: Moltar go mbreathnaítear ar an seimineár gréasáin ag an am céanna a n-úsáidtear an acmhainn seo chun í a chur i gcomhthéacs agus nasc níos fearr a dhéanamh idir an acmhainn agus na torthaí foghlama.

Aois, céim agus samhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh

Cén fhoghlaim ar mhaith linn díriú uirthi?

Na snáitheanna agus na gnéithe ar aon a fhiosrú agus torthaí foghlama á roghnú

AOIS AGUS CÉIM:

Scoláirí na chéad bhliana, téarma 1

RÉAMHFHOGLAIM:

tógálacha céimseatúla de dhéoinnteoirí, ag úsáid trealamh líníochta, mata gearrtha agus scian.

FÓCAS NA FOGHLAMA:

Tógálacha céimseatúla ar lean. agus snáithe grafaice 3T

SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE A FHIOSRÚ:

1.2, 1.6, 1.12, 2.3, 2.8, 2.13, 3.1, 3.9

TORTHAÍ FOGHLAMA

- 1.6 a thuiscint ar phrionsabail gheoiméadracha a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach
- 1.12 réitigh 2T a thógáil go cruinn de réir coinbhinsiúin ghrafacha.
- 2.3 réitigh 3T a dhíorthú le meáin chuí

2.8 léiriú 3T ar dhéantán nó smaoineamh teibí a thógáil le meáin agus modhanna éagsúla

3.1 saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta a aithint

Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú

Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht

Meabhraigh conas a dhéanfaidh muid measúnú agus tuairisciú ar fhianaise ar fhoghlaim

PRÍOMHFHOGLAIM

- 1.12 - Líne a roinnt.
- 3.1 - Coincheapa céimseata a aithint san fhíorshaol lena n-áirítear déoinnteoirí agus rannta.

- 1.6, 1.12 - Déoinnteoirí agus rannta líne a úsáid chun fadhbanna a réiteach
- 2.3 - Samhail 3T a chruthú ag úsáid an pháipéir.
- 2.8 - Samhlacha a sceitseáil in 2T agus in 3T

BRIATHRA GNÍMH

Cuir i bhfeidhm: faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

Tog: tógáil trí ábhair nó páirteanna a cuir le chéile

Díorthaigh ceapadh nó ullmhú ó choincheapa

Aithin: fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainiú

Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den fhoghlaim seo.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

CAD É AN TAITHÍ A BHEIDH AG SCOLÁIRÍ AR AN BHFOGLAIM SEO?

Trealamh líníochta, déanamh samháltán, taighde, sceitseáil, cláir tobsmaointe agus fadhbréiteach a úsáid.

MEASÚNÚ LEANÚNACH

3.1 - Trealamh líníochta, déanamh samháltán, taighde, sceitseáil, cláir tobsmaointe agus fadhbréiteach a úsáid.

1.6 - Ceisteanna a chuirtear a réiteach ag úsáid tógálacha geoiméadracha

1.12, 2.3 - Tógáil na líne roinnte a úsáid chun cabhrú le samhlacha a chruthú.

2.8 - Sceitsí de shamhaltáin a chruthú in 3T agus aghaidheanna samháltán.

Breathnú agus aiseolas múinteoirí

Ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin, cé na modheolaíochtaí agus na hacmhainní a chabhróidh le scoláirí taithí a fháil ar na torthaí foghlama.

Cinntiú go mbíonn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh

ACMHAINNÍ:

Gnáth-threalamh líníochta, padlet, mata gearrtha, scian, rialóir cruach, páipéar trom A4 (100gsm nó níos mó), amharcléiritheoir, bileoga oibre.

MODHEOLAÍOCHTAÍ

plé múinteoirí, taispeántas múinteoirí, taighde a dhéanamh (príomha, tánaisteach) tógáil grianghraf, líníocht, déanamh samháltán, sceitseáil.

CONAS A BHRAITHFIDH SCOLÁIRÍ NA TORTHAÍ FOGHLAMA?

3.1 - Comhoibriú ar padlet. Grianghraif a thógáil de choincheapa céimseatúla agus taighde ar líne i gcomhair samplaí oiriúnacha.

1.12 - Plé múinteora agus taispeántas ar roinnt na líne.

1.6 - A gcuid eolais ar thógálacha geoiméadracha a chur i bhfeidhm chun ceisteanna ar leith a réiteach.





2.3, 2.8 - Déanamh samháltán ag úsáid tógáil roinnt líne.

2.8 - Léiriú 3T a sceitseáil de na samháltáin. Léiriú 2T a sceitseáil de shamhaltán (ag úsáid páipéar greille chun idirdhealú a dhéanamh)

MACHNAIMH:

Le linn an aonad foghlama a dhéanamh agus arna chríochnú duit, seans gurbh fhiú smaoineamh ar cheisteanna amhail:

- na torthaí foghlama a roghnaíodh ar tháinig siad go maith le chéile?
- cad iad na heispéiris foghlama a chruthaigh mé le mo chuid scoláirí?
- an athróinn ceann ar bith de na seiceálacha measúnaithe a aontaíodh?
- conas a thioctadh linn filleadh ar na torthaí foghlama sin in aonad foghlama sa toadhchái?




Líne a roinnt.

Léirítear i bhFíor 1 imlíne de staighre.


Tá **éirí** gach céime cothrom. Tá **rith** gach céime cothrom.

Níl an fad iomlán atá ag líne AB (an rith foriomlán) ar comhfhad le AC (an t-éirí foriomlán)


Tóg an staighre thíos ag úsáid na línte AB agus AC mar threoir.



bhFíor 1



Sampla – a forbraíodh le húsáid le seimineár gréasáin 2019.




Líne a roinnt.

Tá patrún liath le feiceáil, a cruthaíodh ag úsáid pinn luaidhe ar dhathanna difriúla.

Athchruthaigh go cruinn an dearadh thíos, cruthaigh an dearadh ag úsáid do rogha féin teicníc scáthaithe.

Tabhair faoi deara: tá gach fad ar comhfhad.



Sampla – a forbraíodh le húsáid le seimineár gréasáin 2019.



* Ciallaíonn PT Pointe Tosaigh oiriúnach

Líne a roinnt.


Tá patrún liath le feiceáil, a cruthaíodh ag úsáid pinn luaidhe ar dhathanna difriúla.

Athchruthaigh go cruinn an dearadh thíos, cruthaigh an dearadh ag úsáid do rogha féin teicníc scáthaithe.

Tabhair faoi deara: tá gach fad ar comhfhad.



Sampla – a forbraíodh le húsáid le seimineár gréasáin 2019.




Líne a roinnt.

Tá patrún liath le feiceáil, a cruthaíodh ag úsáid pinn luaidhe ar dhathanna difriúla.

Athchruthaigh go cruinn an dearadh thíos, cruthaigh an dearadh ag úsáid do rogha féin teicníc scáthaithe.

Tabhair faoi deara: tá gach fad ar comhfhad.




Sampla – a forbraíodh le húsáid le seimineár gréasáin 2019.

CONAS SAMHALTÁIN KIRAGAMI A CHRUTHÚ

Gearr gach líne ingearach

Léaslíne



FILL NA LÍNTE (DEARG AGUS GORM)

Céimeanna:

1. Déan an líníocht.
2. Tríd an mata gearrtha, scian agus rialóir cruach a úsáid, gearr na línte ingearacha uile (línte dubha)
3. Sín amach an líne chothrománach ar dhá thaobh an leathanaigh agus fill ar feadh na líne sin.
4. Fill na línte dearga (loghfhillte) agus fáisc na línte gorma (sliabhfillte).
5. Filltear na línte dearga agus gorma i malairt slí (inmheánach agus seachtach).

Leid:

I gcomhair na dtorthaí is fearr priontáil na himlínte ar pháipéar trom (100 gsm nó níos mó)